



An Phríomh-Oifig Staidrimh

**DAONÁIREAMH
NA
hÉIREANN**

**CENSUS OF POPULATION
OF
IRELAND**

1981

IMLEABHAR 6

VOLUME 6

AN GHAEILGE

IRISH LANGUAGE

**MAILLE LE TÁBLAÍ SPEISIALTA I LEITH NA GAELTACHTA
WITH SPECIAL TABLES FOR THE GAELTACHT AREAS**

**AN PHRÍOMH-OIFIG STAIDRIMH A THIOMSAIGH.
COMPILED BY THE CENTRAL STATISTICS OFFICE.**

**ARNA FHOILSIÚ AG OIFIG AN tSOLÁTHAIR.
PUBLISHED BY THE STATIONERY OFFICE.**

**Le ceannach ón
OIFIG DHÍOLTA FOILSEACHÁN RIALTAIS,
TEACH SUN ALLIANCE, SRÁID THEACH LAIGHEAN, BAILE ÁTHA CLIATH, 2.
nó tríd aon díoltóir leabhar.**

**To be purchased from the
GOVERNMENT PUBLICATIONS SALE OFFICE,
SUN ALLIANCE HOUSE, MOLESWORTH STREET, DUBLIN, 2.
or through any Bookseller.**

AN DAONÁIREAMH, 1981

IMLEABHAR 6

CLÁR

RÉAMHRÁ	...	...	...	...	...	...	Leath vi
NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN	...	...	...	...	...	...	viii
TRÁCHTAIREACHT	...	...	...	...	...	...	xii

(Nóta: Is é atá i gceist leis na “Limistéir Ghaeltachta” i dTáblaí 8A-9; 12A, 12B; 13B; 15A agus 15B na Limistéir a áirítear in Orduithe na Limistéar Gaeltachta, 1956, 1967 agus 1974)

TÁBLAÍ

1.	Gaeilgeoirí agus daoine nach Gaeilgeoirí i ngach Cúige i ngach Daonáireamh ó 1861 go 1946, 1961, 1971 agus 1981	...	...	...	...	...	3
2.	An céatadán Gaeilgeoirí i ngach Cúige i ngach Daonáireamh ó 1861 go 1946, 1961, 1971 agus 1981						3
3.	An líon agus an céatadán Gaeilgeoirí, 3 bliana d’aois agus os a chionn, i ngach Cúige, Contae nó Contaebhuirg – 1961, 1971 agus 1981	...	...	...	...	...	4
4.	An líon agus an céatadán Gaeilgeoirí, 3 bliana d’aois agus os a chionn, i gCeantair Uirbeacha agus i dTuathcheantair; i mbailte a bhfuil a dteorainneacha sonraithe le dlí; i gcomharsanacht bhailte a bhfuil a dteorainneacha sonraithe le dlí agus i mbailte gan teorainneacha atá sonraithe le dlí ina raibh, i 1981, 1,500 áititheoir nó os a chionn, maille leis na céatadáin chomparáideacha do 1971	...	...	...	...	...	5
5.	An líon agus an céatadán Gaeilgeoirí agus daoine nach Gaeilgeoirí, 3 bliana d’aois agus os a chionn, i ngach Cúige arna naicmiú de réir aoise – 1961, 1971 agus 1981				...	...	19
6A.	Gaeilgeoirí agus daoine nach Gaeilgeoirí, 3 bliana d’aois agus os a chionn, i ngach Cúige, Contae nó Contaebhuirg, arna naicmiú de réir aoise	...	...	...	...	...	20
6B.	Gaeilgeoirí mar chéatadán den líon iomlán i ngach aoisaicme	...		...	...	...	26
7.	Gaeilgeoirí arna naicmiú de réir slí bheatha	...	..	...	...	...	28
8A.	Gaeilgeoirí agus daoine nach Gaeilgeoirí, 3 bliana d’aois agus os a chionn, arna naicmiú de réir aoise i limistéir Ghaeltachta gach Contae	...	...	...	...	...	36
8B.	Fireannaigh, Gaeilgeoirí agus daoine nach Gaeilgeoirí, 3 bliana d’aois agus os a chionn, arna naicmiú de réir aoise i limistéir Ghaeltachta gach Contae		...	...	...	...	37
8C.	Baineannaigh, Gaeilgeoirí agus daoine nach Gaeilgeoirí, 3 bliana d’aois agus os a chionn, arna naicmiú de réir aoise i limistéir Ghaeltachta gach Contae		...	...	...	...	38
9.	An daonra iomlán i 1971 agus i 1981 agus an líon iomlán daoine 3 bliana d’aois agus os a chionn i 1981, á sonrú mar Ghaeilgeoirí nó mar dhaoine nach Gaeilgeoirí, i dToghanna Ceantair nó i gcodanna de Thoghanna Ceantair sa Ghaeltacht		...	...	...	...	39

TÁBLAÍ

Leath

10	Gaeilgeoirí, 3 bliana d'aois agus os a chionn, i ngach Cúige, Contae nó Contaebhuirg agus i limistéir Ghaeltachta gach Contae arna naicmiú de réir an chineáil is airde foras oideachais ar ar freastalaíodh go lánaimseartha	46
11A	Teaghlaigh phríobháideacha ina bhfuil Gaeilgeoirí i ngach Cúige, Contae nó Contaebhuirg, arna naicmiú de réir an líon daoine 3 bliana d'aois agus os a chionn sa teaghlach	48
11B	Gaeilgeoirí i dteaghlaigh phríobháideacha i ngach Cúige, Contae nó Contaebhuirg, arna naicmiú de réir an líon daoine 3 bliana d'aois agus os a chionn sa teaghlach	50
12A	Teaghlaigh phríobháideacha ina bhfuil Gaeilgeoirí i limistéir Ghaeltachta gach Contae arna naicmiú de réir an líon daoine 3 bliana d'aois agus os a chionn sa teaghlach	52
12B	Gaeilgeoirí i dteaghlaigh phríobháideacha i limistéir Ghaeltachta gach Contae arna naicmiú de réir an líon daoine 3 bliana d'aois agus os a chionn sa teaghlach	53
13A	Teaghlaigh phríobháideacha ina bhfuil Gaeilgeoirí arna naicmiú de réir an líon Gaeilgeoirí agus an líon daoine 3 bliana d'aois agus os a chionn sa teaghlach	54
13B	Teaghlaigh phríobháideacha ina bhfuil Gaeilgeoirí 'sna limistéir Ghaeltachta arna naicmiú de réir an líon Gaeilgeoirí agus an líon daoine 3 bliana d'aois agus os a chionn sa teaghlach	55
14A	Teaghlaigh phríobháideacha, inar Ghaeilgeoir an ceann teaghlaigh, i ngach Cúige, Contae nó Contaebhuirg, arna naicmiú de réir an líon daoine 3 bliana d'aois agus os a chionn sa teaghlach ...	56
14B	Gaeilgeoirí i dteaghlaigh phríobháideacha, inar Ghaeilgeoir an ceann teaghlaigh, i ngach Cúige, Contae nó Contaebhuirg, arna naicmiú de réir an líon daoine 3 bliana d'aois agus os a chionn sa teaghlach	58
15A	Teaghlaigh phríobháideacha, inar Ghaeilgeoir an ceann teaghlaigh, i limistéir Ghaeltachta gach Contae arna naicmiú de réir an líon daoine 3 bliana d'aois agus os a chionn sa teaghlach	60
15B	Gaeilgeoirí i dteaghlaigh phríobháideacha, inar Ghaeilgeoir an ceann teaghlaigh, i limistéir Ghaeltachta gach Contae arna naicmiú de réir an líon daoine 3 bliana d'aois agus os a chionn sa teaghlach ...	61

CENSUS OF POPULATION, 1981

VOLUME 6

CONTENTS

INTRODUCTION	...	...	...	...	...	...	Page vii
EXPLANATORY NOTES	...	...	...	...	...	...	x
COMMENTARY	...	...	...	...	...	...	xvii

(Note: The "Gaeltacht Areas" in Tables 8A - 9; 12A, 12B; 13B; 15A and 15B, relate to the areas so designated in the Gaeltacht Areas Orders, 1956, 1967 and 1974)

TABLES

1.	Irish speakers and non-Irish speakers in each Province at each Census from 1861 to 1946, 1961, 1971 and 1981	...	...	...	...	...	3
2.	Percentage of Irish speakers in each Province at each Census from 1861 to 1946, 1961, 1971 and 1981	...	...	...	...	...	3
3.	Number and percentage of Irish speakers, 3 years of age and over, in each Province, County or County Borough - 1961, 1971 and 1981	...	...	...	...	...	4
4.	Number and percentage of Irish speakers, 3 years of age and over, in Urban and Rural Districts, in towns with legally defined boundaries; in environs of towns with legally defined boundaries and in towns without legally defined boundaries having 1,500 inhabitants or over in 1981, with comparative percentage figures for 1971	...	...	...	...	...	5
5.	Number and percentage of Irish speakers and non-Irish speakers, 3 years of age and over, in each Province classified by age group - 1961, 1971 and 1981	...	...	...	...	...	19
6A.	Irish speakers and non-Irish speakers, 3 years of age and over, in each Province, County or County Borough, classified by age group	...	...	...	...	...	20
6B.	Irish speakers as a percentage of the total in each age group	...	...	...	...	...	26
7.	Irish speakers classified by occupation	...	...	...	...	...	28
8A.	Irish speakers and non-Irish speakers, 3 years of age and over, classified by age group in the Gaeltacht areas of each County	...	...	...	...	...	36
8B.	Males, Irish speakers and non-Irish speakers, 3 years of age and over, classified by age group in the Gaeltacht areas of each County	...	...	...	...	...	37
8C.	Females, Irish speakers and non-Irish speakers, 3 years of age and over, classified by age group in the Gaeltacht areas of each County	...	...	...	...	...	38
9.	Total population in 1971 and 1981 and total persons 3 years of age and over in 1981, distinguishing Irish speakers and non-Irish speakers, in District Electoral Divisions or parts of District Electoral Divisions within the Gaeltacht	...	...	...	...	...	39

TABLES

Page

10.	Irish speakers, 3 years of age and over, in each Province, County or County Borough and in the Gaeltacht areas of each County, classified by highest type of educational establishment attended full-time	46
11A.	Private households with Irish speakers in each Province, County or County Borough, classified by number of persons aged 3 years and over in the household ...	48
11B.	Irish speakers in private households in each Province, County or County Borough, classified by number of persons aged 3 years and over in the household ...	50
12A.	Private households with Irish speakers in the Gaeltacht areas of each County classified by number of persons aged 3 years and over in the household ...	52
12B.	Irish speakers in private households in the Gaeltacht areas of each County classified by number of persons aged 3 years and over in the household ...	53
13A.	Private households with Irish speakers classified by number of Irish speakers and number of persons aged 3 years and over in the household ...	54
13B.	Private households with Irish speakers in the Gaeltacht areas classified by number of Irish speakers and number of persons aged 3 years and over in the household ...	55
14A.	Private households, in which the head was an Irish speaker, in each Province, County or County Borough, classified by number of persons aged 3 years and over in the household ...	56
14B.	Irish speakers in private households, in which the head was an Irish speaker, in each Province, County or County Borough, classified by number of persons aged 3 years and over in the household ...	58
15A.	Private households, in which the head was an Irish speaker, in the Gaeltacht areas of each County classified by number of persons aged 3 years and over in the household ...	60
15B.	Irish speakers in private households, in which the head was an Irish speaker, in the Gaeltacht areas of each County classified by number of persons aged 3 years and over in the household ...	61

AN DAONÁIREAMH, 1981

RÉAMHRÁ

Rinneadh Daonáireamh oíche an 5 Aibreán, 1981 de réir An t-Ordú Staidrimh (Daonáireamh), 1981 (I.R. Uimh. 60 de 1981) a rinne an tAire Stáit ag Roinn an Taoisigh de bhun na gcumhachtaí a thugtar dó le fo-alt 1 d'alt 16 den Acht Staitistíochta, 1926 agus an Ordaithe um na hAchta Staidrimh, 1926 agus 1946 (Feidhmeanna Aire a Aistriú); 1949 (I.R. Uimh. 142 de 1949), agus An t-Ordú Staidrimh (Cumhachtaí agus Dualgais a Tharmligean), 1980 (I.R. Uimh. 36 de 1980).

Bailíodh na sonraí seo a leanas i leith gach duine:- (i) ainm, (ii) gnéas, (iii) gaol leis an gceann teaghlaigh, (iv) dáta breithe, (v) stádas pósta, (vi) áit bhreithe, (vii) creideamh, (viii) cumas ar Ghaeilge a labhairt, (ix) dáta pósta agus an líon páistí (do mhná pósta amháin), (x) gnátháit chónaithe, (xi) gnátháit chónaithe bliain roimh dháta an Daonáirimh, (xii) cóir iompair agus fad an aistir a taistealaíodh go dtí obair nó scoil; agus sin i gcás daoine 15 bliana agus os a chionn, (xiii) stádas eacnamaíoch láithreach, (xiv) príomhshlí bheatha, (xv) stádas fostaíochta, (xvi) ainm an fhostóra agus an cineál gnó a bhíonn ar siúl aige, (xvii) seoladh an ionaid oibre nó scoile, (xviii) achar agus luacháil inráitithe ghabháltas talmhaíochta, (xix) aois ag ar chríochnaigh oideachas lánaimseartha agus an méid blianta ar freastalaíodh ar scoil nó coláiste (dóibh siúd a raibh a gcuid oideachais lánaimseartha críochnaithe acu), (xx) cáilíochtaí eolaíochta nó teicneolaíochta bainte amach agus na raonta eolaíochta a bhí i gceist. Ina theannta sin, bailíodh an fhaisnéis seo a leanas i leith gach teaghlach príobháideach:- (i) an cineál áitíochta sa teaghais (ar cíós, úinéir - áitithe, 7rl.), (ii) cíós na teaghaise, (iii) seomra áitithe, (iv) an bhliain inar tógadh an teaghais, (v) an sórt soláthair uisce, (vi) fáil ar fholcadh nó ar chith, (vii) na cineálacha áiseanna sláintíochta agus, (viii) an príomhbhreosla a úsáidtear chun an teaghais a théamh agus fáil ar théamh lárnach.

TUAIRISCÁBHAR AN DAONÁIRIMH

Baineann figiúirí an Daonáirimh leis an líon daoine de facto, is é sin le rá, is é an líon daoine atá ar taifead i ndáil le gach limistéar an líon iomlán daoine a bhí laistigh dá theorainneacha oíche Dé Domhnaigh, an 5 Aibreán, 1981, mar aon leis na daoine go léir a tháinig isteach sa limistéar sin maidin Dé Luain, an 6 Aibreán, 1981 agus nár ríomhadh in aon áit eile; tá daoine a bhí ar bord loinge i gcalafort curtha ar taifead i dteannta na ndaoine i limistéir in aice an chalafoirt. Tá, dá bhrí sin, cuairteoirí a bhí i láthair oíche an Daonáirimh curtha san áireamh, mar atá, na daoine a raibh cónaí orthu san áit, agus tá gnátháititheoirí a bhí go sealadach as an Stát as an áireamh. Dáta i dtréimhse nuair ba lú a bheadh an ghluaiseacht paisinéirí a roghnaíodh le haghaidh an Daonáirimh agus, dá bhrí sin, tá na figiúirí i ngar don líon daoine ar a bhfuil gnáthchónaí 'sna limistéir ar leith. Na comhaltaí d'Óglaigh na hÉireann a bhí, ar dháta an Daonáirimh, ar fiannas leis na Náisiúin Aontaithe, fágadh as an áireamh iad.

FOILSIÚ NA dTORTHAÍ AGUS FÁIL ORTHU

Cheana féin, foilsíodh Imleabhar 1 - An daonra i dToghanna Ceantair, i mBailte agus i Limistéir Mhóra (Pl. 985); Imleabhar 2 - Aois agus Stádas Pósta arna n-aicmiú de réir Limistéar (Pl. 2561); Imleabhar 3 - Comhdhéanamh Teaghlach agus Aonaid Chlainne (Pl. 3084); Imleabhar 4 - Príomhstádas Eacnamaíoch agus Tionscal (Pl. 3274) agus Imleabhar 5 - Religiúin (Pl. 3407). Foilsíodh, leis, dhá thuarascáil a bunaíodh ar scagadh ar chúig faoin gcéad de na tuairisceáin Daonáirimh, mar eiseamláir; an chéad tuarascáil i Márta, 1983 (Pl. 1446) maidir le hAois, Stádas Pósta agus Fórsa Saothair; an dara tuarascáil i Nollaig, 1983 (Pl. 1933) maidir le gnéithe Tithíochta agus Teaghlach. Tá sraith d'Fheasacháin foilsithe ag tabhairt torthaí sealadacha maidir leis an Stát agus le gach Réigiún Pleanála, Contae agus Contaebhuirg, á n-aicmiú de réir na ngnéithe seo a leanas; Aois, Stádas Pósta, Príomh-Stádas Eacnamaíoch, Fórsa Saothair, Taisteal chun na hOibre, Creideamh, Méid agus Cineál na Teaghaise, an Cineál Áitíochta, an Soláthar Uisce, Áiseanna Sláintíochta, agus an Breosla a úsáidtear chun an teaghais a théamh. San Fheasachán Stáit deiridh a foilsíodh i mí Iúil, 1984 (Pl. 2526), tá aicmiú déanta de réir na gceannnteideal seo: Áit Bhreithe, Gnáthchónaí, Gaeilge, Taisteal chun na hOibre agus na Scoile, Oideachas agus Áiseanna Teaghlaigh ag déanamh idirdhealú ar leith óna chéile ar Limistéir Chomhiomlána Baile agus Limistéir Chomhiomlána Tuaithe.

Tá taiblíochtaí le fáil ar leathanaigh ríomhchlóite agus ar téip le cuntais mhinicíochta ar an daonra i ngach Ceantar Uirbeach agus Ceantar Tuaithe, i ngach Toghroinn Cheantair nó Barda, i ngach baile ina bhfuil 1,000 agus os a chionn de dhaonra agus i ngach Limistéar Gaeltachta arna n-aicmiú de réir na bpríomhathróg a bailíodh sa Daonáireamh (e.g. Slí Bheatha, Tionscal, Stádas Eacnamaíoch, Grúpa Daoneacnamaíoch, Oideachas, Aois, Stádas Pósta), chomh maith le cuntais ar Theaghlaigh Phríobháideacha arna n-aicmiú de réir gnéithe Tithíochta (An Líon Seomraí, Aois an Fhoirgnimh, Fáil ar Fholcadh, 7rl). Cuirfidh an Phríomh-Oifig Staidrimh na dálaí sin ar fáil, ar tháille.

CENSUS OF POPULATION, 1981

INTRODUCTION

A Census of Population was taken on the night of the 5th April, 1981 in accordance with the Statistics (Census of Population) Order 1981 (S.I. No. 60 of 1981) made by the Minister of State at the Department of the Taoiseach in pursuance of powers conferred on him by sub-section 1 of section 16 of the Statistics Act 1926 and the Statistics Acts 1926 and 1946 (Transfer of Ministerial Functions) Order 1949 (S.I. No. 142 of 1949), and the Statistics (Delegations of Powers and Duties) Order 1980 (S.I. No. 36 of 1980).

The following particulars were collected in respect of each individual:- (i) name, (ii) sex, (iii) relationship to head of household, (iv) date of birth, (v) marital status, (vi) place of birth, (vii) religion, (viii) ability to speak Irish, (ix) date of marriage and number of children (for married women only), (x) usual residence, (xi) usual residence one year prior to Census date, (xii) means of travel and distance travelled to work or school; and for persons aged 15 years or over, (xiii) present economic status, (xiv) principal occupation, (xv) employment status, (xvi) name of employer and nature of employer's business, (xvii) address of place of work or school, (xviii) area and rateable valuation of agricultural holdings, (xix) age at which full-time education ended and number of years' attendance at school or college (for persons who had ceased their full-time education), (xx) scientific or technological qualifications held and fields of science concerned. In addition the following information was collected in respect of each private household:- (i) nature of occupancy of the dwelling (rented, owner occupied etc.), (ii) rent of dwelling, (iii) rooms occupied, (iv) year dwelling was built, (v) type of water supply, (vi) availability of bath or shower, (vii) type of sanitary facilities and (viii) principal fuel used to heat the dwelling and availability of central heating.

COVERAGE OF THE CENSUS

The Census figures relate to the de facto population, that is to say the population recorded for each area represents the total of all persons present within its boundaries on the night of Sunday, 5 April, 1981, together with all persons who arrived in that area on the morning of Monday, 6 April, 1981, not having been enumerated elsewhere; persons on board ships in port are included with the population of adjacent areas. The figures, therefore, include visitors present on Census night as well as those in residence, while usual residents temporarily absent from the State are excluded. The date of the Census was, however, chosen to coincide with a period when passenger movements were at a minimum and consequently the figures closely approximate to those for the normally resident population. Members of the Defence Forces who, on Census night, were serving abroad with the United Nations were excluded from the enumeration.

PUBLICATION AND AVAILABILITY OF RESULTS

Volume 1 - Population of District Electoral Divisions, Towns and larger units of Area (Pl. 985); Volume 2 - Ages and Marital Status classified by Areas (Pl. 2561); Volume 3 - Household Composition and Family Units (Pl. 3084); Volume 4 - Principal Economic Status and Industries (Pl. 3274) and Volume 5 - Religion (Pl. 3407) have already been published. Two reports based on the processing of a five per cent sample of the Census returns have also been published; the first in March, 1983 (Pl. 1446) related to Age, Marital Status and Labour Force; the second in December, 1983 (Pl. 1933) related to characteristics of Housing and Households. A series of Bulletins has been published giving provisional results for the State and for each Planning Region, County and County Borough of classifications by Age, Marital Status, Principal Economic Status, Labour Force, Travel to Work, Religion, Size and Type of Dwelling, Nature of Occupancy, Water Supply, Sanitary Facilities and Fuel used to heat the dwelling. A final State Bulletin published in July, 1984 (Pl. 2526) contains classifications by Place of Birth, Usual Residence, Irish Language, Travel to Work and School, Education and Household Facilities separately distinguishing between Aggregate Town and Aggregate Rural Areas.

Tabulations containing frequency counts of the population in each Urban and Rural District, each District Electoral Division or Ward, each town of 1,000 population and over and each Gaeltacht Area classified by the main variables collected in the Census (e.g. Occupation, Industry, Economic Status, Socio-Economic Group, Education, Age, Marital Status) as well as counts of Private Households classified by Housing characteristics (Number of Rooms, Age of Building, Availability of Bath, etc.) are available on computer print-out sheets and on tape. These data will be supplied, at a charge, by the Central Statistics Office.

AN DAONÁIREAMH, 1981

IMLEABHAR 6

NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN

Tá torthaí sonraithe san Imleabhar seo ar an líon daoine trí bliana d'aois agus os a chionn, arna n-aicmiú de réir a n-eolais ar an nGaeilge, bunaithe ar fhreagraí ar an gceist seo a leanas i sceideal Daonáirimh 1981:

CUMAS AR GHAEILGE A LABHAIRT

Scríobh “Gaeilge amháin”, “Gaeilge agus Béarla”, “Léamh na Gaeilge gan bheith in ann í a labhairt” nó fág bán de réir mar a oireann.

Tugadh treoracha níos mionsonraithe maidir le conas ba chóir an cheist sin a fhreagairt 'sna nótaí míniúcháin a ghabh le Sceideal an Daonáirimh, mar a leanas:

“Is ceart an cheist seo a fhreagairt i dtaobh daoine atá trí bliana d'aois nó os a chionn. Fág bán i gcás leanaí faoi bhun trí bliana d'aois”.

- Scríobh “Gaeilge amháin” i gcás daoine nach bhfuil in ann ach Gaeilge a labhairt.
- Scríobh “Gaeilge agus Béarla” i gcás daoine atá in ann Gaeilge agus Béarla a labhairt.
- I gcás daoine atá in ann Gaeilge a léamh gan bheith in ann í a labhairt, scríobh “Léamh na Gaeilge gan bheith in ann í a labhairt”.
- Ná scríobh dada os coinne ainmneacha daoine nach bhfuil léamh ná labhairt na Gaeilge acu.

Bhí an treoir sin ar an gcuma chéanna leis an treoir a tugadh le linn Dhaonáirimh 1961 agus 1971. B'iad sin na Daonáirimh ba dhéanaí roimhe sin a raibh ceist ann faoin nGaeilge. 'Sna haicmiúcháin atá san Imleabhar seo taispeántar gur “Gaeilgeoirí” na daoine sa chéad dá earnáil de na hearnálacha comhcheangailte sin thuas agus taispeántar gur “Daoine nach Gaeilgeoirí” na daoine atá sa dá earnáil eile. Sin é an nós imeachta céanna a leanadh le linn do na tuarascálacha ar Dhaonáirimh 1961 agus 1971 a bheith á n-ullmhú.

Cé gur féidir na ceisteanna ar sceideal an Daonáirimh maidir le gnéas, dáta breithe, pósadh, slí bheatha, 7^{rl}. a fhreagairt go cruinn, braitheann na freagraí ar an gceist faoi “Cumas ar Ghaeilge a labhairt” go mór ar bhreithiúnas an té a líonfaidh an fhoirm. Níorbh fhéidir modh a cheapadh a bheadh sách simplí le haghaidh Daonáirimh agus a chuirfeadh caighdeán neamhathraitheach ar fáil le daoine a aicmiú de réir mar atá siad ábalta nó nach bhfuil siad ábalta ar an nGaeilge a labhairt. Dá dhroim sin, ní féidir a mheas go bhfuil an staidreamh atá san Imleabhar seo chomh cruinn leis an staidreamh in Imleabhair eile den Daonáireamh. Dá ainneoin sin, d'fhéadfadh tairbhe a bheith sa staidreamh i ndáil leis an nGaeilge le comórtas a dhéanamh idir limistéir éagsúla sa tír, agus idir an Daonáireamh agus gach Daonáireamh nó aon Daonáireamh roimhe seo ach ní mór an díth cruinnis a luaitear thuas a choinneáil i gcuimhne.

AICMIÚ DE RÉIR LIMISTÉAR RIARACHÁIN AGUS DAONÁIRIMH

Sonraíodh go mion na limistéir éagsúla riaracháin agus Daonáirimh a léirítear figiúirí i ndáil leo san Imleabhar seo 'sna nótaí míniúcháin a ghabhann le “Daonáireamh na hÉireann, 1981, Imleabhar 1” (Pl. 985). Sonraíodh, ach go háirithe, an bonn ar a mínítear bailte agus a gceantair mháguaird, agus ceantair fhobailteacha Bhaile Átha Cliath, Chorcaí, Luimnigh agus Phort Láirge.

AICMIÚ DE RÉIR GAIRME

Aicmítear na daoine go léir 15 bliana d’aois agus os a chionn, ar a n-áirítear iad sin gan saothrú agus iad sin atá go sealadach in ospidéal, de réir a bpríomhghairme.

Socraítear an ghairm de réir an chineáil oibre a dhéantar ag saothrú codach, is cuma cá háit a ndéantar an obair agus cad chuige an obair sin. Déanann aicmiú daoine de réir gairme daoine a bhíonn ag gabháil don chineál céanna oibre a thiomsú, ar an gcuma sin, is cuma cad chuige an obair sin.

ÁBHAR NA dTÁBLAÍ

Tá dhá chineál táblaí i gceist leis na táblaí atá san Imleabhar seo. Baineann siad leis an Stát mar aonad nó leis na limistéir Ghaeltachta. Baineann Táblaí 1 go 7, 10, 11A, 11B, 13A, 14A agus 14B leis an Stát agus baineann na táblaí eile leis na limistéir Ghaeltachta, mar a áirítear in Orduithe na Limistéar Gaeltachta, 1956, 1967 agus 1974.

I dTábla 1 aicmítear Gaeilgeoirí agus Daoine nach Gaeilgeoirí i ngach Cúige, ag tabhairt an líon daoine i ngach Daonáireamh ó 1861 go 1946 agus 1961, 1971 agus 1981, agus léiríonn Tábla 2 céatadán na nGaeilgeoirí i ngach Cúige 'sna blianta céanna. I dTábla 3, tugtar faisnéis ar líon na nGaeilgeoirí i ngach Cúige, Contae agus Contaebhuirg 'sna trí bliana 1961, 1971 agus 1981, agus tugtar, leis, líon na nGaeilgeoirí mar chéatadán den daonra iomlán trí bliana d’aois agus os a chionn. Sonraítear i dTábla 4 an staid i ngach Ceantar Uirbeach nó Tuaithe, i mbailte a bhfuil a dteorainneacha leagtha síos le dlí agus ina bhfobhailte nó a gceantair mháguaird (más ann), agus i mbailte eile le 1,500 nó os a chionn de dhaonra i 1981. Tá ann freisin céatadáin do 1971 agus 1981.

I dTábla 4, ní hionann ar fad i ngach cás limistéir 1981 agus limistéir chomhréireacha 1971 de bharr athbhreithniú teorainneacha de thoradh na forbartha foirgníochta nua. Foireann Oifig an Daonáirimh a rinne na hathbhreithnithe sin agus rinneadh iad go príomhdha 'sna ceantair mháguaird ar bhailte a bhfuil a dteorainneacha leagtha síos le dlí nó i mbailte nach bhfuil a dteorainneacha leagtha síos le dlí. 'Sna cásanna sin, nuair nach inchomórtais na limistéir, níor taispeánadh céatadáin 1971.

Tugtar aicmiú ar Ghaeilgeoirí agus ar Dhaoine nach Gaeilgeoirí, de réir aoise, maidir le gach Cúige i dTábla 5 do 1961, 1971 agus 1981. Tugtar a shamhail de dhálaí, leis, do 1981 faoi fhireannaigh agus faoi bhaineannaigh do gach Contae agus do gach Contaebhuirg i dTábla 6A. Taispeántar i dTábla 6B céatadán na nGaeilgeoirí, idir bhaineann agus fhireann, de gach aoisicme do na limistéir chéanna. I dTábla 7, aicmítear de réir gairme Gaeilgeoirí atá san Fhórsa Saothair (ní áirítear daoine atá ar lorg a gcéad phoist rialta).

Is le limistéir Ghaeltachta amháin a phléitear i dTábla 8A agus aicmítear Gaeilgeoirí agus Daoine nach Gaeilgeoirí 'sna limistéir sin de réir aoise. Tá a shamhail d’eolas i dTábla 8B agus i dTábla 8C faoi fhireannaigh agus faoi bhaineannaigh faoi seach. Tá sonraí i dTábla 9 faoin líon daoine a bhí, i 1971 agus i 1981, i ngach Toghroinn Cheantair nó gach cuid de Thoghroinn Cheantair sa Ghaeltacht agus faoi Ghaeilgeoirí agus faoi Dhaoine nár Ghaeilgeoirí 'sna limistéir chéanna.

Níor foilsíodh an t-eolas a thugtar i dTáblaí 10 go 15B cheana in Imleabhair na Gaeilge. Taispeántar i dTábla 10 an líon Gaeilgeoirí i ngach Cúige, Contae agus Contaebhuirg agus i ngach limistéar Gaeltachta faoi seach, arna n-aicmiú de réir an chineáil is airde foras oideachais ar ar freastalaíodh go lánaimseartha.

Baineann na táblaí eile ar fad le Gaeilgeoirí i dteaghlaigh phríobháideacha agus ní áirítear iontu Gaeilgeoirí i dteaghlaigh neamhphríobháideacha ná i dteaghlaigh institiúideacha. Aicmítear i dTáblaí 11A agus 11B teaghlaigh phríobháideacha ina bhfuil Gaeilgeoirí amháin nó níos mó agus an líon Gaeilgeoirí 'sna teaghlaigh sin faoi seach de réir an líon daoine trí bliana d’aois agus os a chionn sa teaghlach i gcás gach Cúige, Contae nó Contaebhuirg; agus tugtar a shamhail d’eolas maidir le limistéir Ghaeltachta i ngach Contae i dTáblaí 12A agus 12B. Aicmítear i dTáblaí 13A agus 13B teaghlaigh phríobháideacha ina bhfuil Gaeilgeoirí agus an líon Gaeilgeoirí 'sna teaghlaigh sin faoi seach de réir an líon Gaeilgeoirí sa teaghlach, maidir leis an Stát agus leis na limistéir Ghaeltachta. Déantar aicmiú 'sna táblaí eile i leith teaghlach inar Ghaeilgeoir an ceann teaghlaigh. Níor tugadh aon treoir ar fhoirm an Daonáirimh maidir le cén duine sa teaghlach a bhí mar cheann air. Tugadh le fios gur chóir sonraí ar an gceann teaghlaigh a bhreacadh ar an gcéad líne den fhoirm, agus léirítear, ar an slí sin, cé a cheaptar a bheith ina cheann teaghlaigh, dar leis an teaghlach féin.

CENSUS OF POPULATION, 1981

VOLUME 6

EXPLANATORY NOTES

The present Volume contains detailed results involving classifications of the population aged three years and over by knowledge of the Irish Language based on replies to the following question on the 1981 Census of Population schedule:-

ABILITY TO SPEAK THE IRISH LANGUAGE

Write "Irish only", "Irish and English", "Read but cannot speak Irish" or leave blank, as appropriate

More specific directions as to how this question should be answered were given in the explanatory notes attached to the Census schedule as follows:-

"This question should be answered for persons aged three years and over. Leave blank for children under three years of age.

Write "Irish only" for persons who can speak only Irish. Write "Irish and English" for those who can speak Irish and English.

For persons who can read but cannot speak Irish, write "Read but cannot speak Irish".

Do not write anything opposite names of persons who can neither read nor speak Irish".

This instruction was similar to that used at the 1961 and 1971 Censuses of Population, these being the most recent previous Censuses at which the schedule contained a question on the Irish language. In the classifications in the present Volume, persons in the first two of the above categories combined are shown as "Irish speakers", while those in the two remaining categories are shown as "non-Irish speakers". This procedure is the same as that adopted in preparing the Reports of the 1961 and 1971 Censuses.

Whereas the questions on the Census schedule relating to sex, date of birth, marital status, occupation, etc. can all be answered precisely, the replies given to the question on "Ability to speak the Irish language" depend to a large extent on the judgement of the person completing the form(s). It has not been found possible to devise a method, simple enough for Census purposes, to provide an invariable standard by classifying persons into those who "can speak Irish" and those who cannot. Consequently the statistics contained in the present Volume cannot be regarded as being precise in the same degree as those in the other Volumes of the Census. The statistics of the Irish language may, nevertheless, be of interest for purposes of comparison between different areas of the country and between this and previous Censuses but in any use of these data the lack of objective precision referred to above must be borne in mind.

CLASSIFICATION BY ADMINISTRATIVE AND CENSUS AREAS

The various administrative and Census areas for which figures are shown in this Volume were described in detail in the explanatory notes to "Census of Population of Ireland 1981, Volume 1" (Pl. 985). In particular the basis for defining towns and their environs and the suburban areas of Dublin, Cork, Limerick and Waterford were detailed.

CLASSIFICATION BY OCCUPATION

All persons aged 15 years and over, including those out of work and those who are temporarily confined to hospitals, are classified to their usual principal occupation.

The occupation is determined by the kind of work performed in earning a living irrespective of the place in which, and the purpose for which, it is performed. Classification of the population by occupation thus brings together the number of persons engaged in the same type of work regardless of the purpose for which such work is undertaken.

CONTENT OF THE TABLES

The tables contained in the present Volume are of two types relating to either the State as a whole or to Gaeltacht areas. Tables 1 to 7, 10, 11A, 11B, 13A, 14A and 14B relate to the State and the remaining tables relate to the Gaeltacht areas, as defined by the Gaeltacht Areas Orders, 1956, 1967 and 1974.

Table 1 classifies Irish speakers and non-Irish speakers in each Province, giving the numbers for each Census from 1861 to 1946 and 1961, 1971 and 1981, while Table 2 shows the percentage of Irish speakers in each Province for the same years. Table 3 provides information on the number of Irish speakers in each Province, County and County Borough for the three years 1961, 1971 and 1981 and also gives Irish speakers as a percentage of the total population aged 3 years and over. The situation in each Urban or Rural District, in towns with legally defined boundaries and their suburbs or environs (if any) and in other towns of 1,500 population or over in 1981 is described in Table 4 which also contains percentage figures for 1971 and 1981.

In Table 4 the corresponding areas for 1971 are not directly comparable in all cases with the 1981 areas due to boundary revisions following the greatly accelerated pace of new building development. These revisions were mainly in the environs of towns with legally defined boundaries or in towns without legally defined boundaries and were carried out by Census Office staff. In such cases, where the areas are not comparable, the 1971 percentages have not been shown.

A classification of Irish speakers and non-Irish speakers by age group for each Province is given in Table 5 for 1961, 1971 and 1981. Similar 1981 data for males and females are also provided for each County and County Borough in Table 6A. Table 6B shows the percentage of Irish speakers, male and female, in each age group for the same areas. In Table 7, Irish speakers who are in the labour force (excluding persons looking for their first regular job) are classified by occupation.

Table 8A deals with Gaeltacht areas only and classifies Irish speakers and non-Irish speakers in these areas by age group. Tables 8B and 8C give similar information for males and females, respectively. Table 9 contains details of the population, 1971 and 1981, of each District Electoral Division or part of a District Electoral Division in the Gaeltacht and of Irish speakers and non-Irish speakers in the same areas.

The information in Tables 10 to 15B has not previously been published in the Irish Language volumes. Table 10 shows for each Province, County and County Borough and for Gaeltacht areas respectively, Irish speakers classified by highest type of educational establishment attended full-time.

The remaining tables all relate to Irish speakers in private households and exclude Irish speakers in non-private or institutional households. Tables 11A and 11B classify private households with one or more Irish speakers and the number of Irish speakers in these households respectively, by the number of persons aged 3 years and over in the household; while Tables 12A and 12B are similar tables relating to Gaeltacht areas. Table 13A classifies private households with Irish speakers and Irish speakers in these households by the number of persons aged 3 years and over in the household and by the number of Irish speakers in the household. Table 13B is a similar table for the total Gaeltacht area of the Country. The remaining tables contain classifications of private households in which the head was an Irish speaker. No instruction was given on the Census form as to which person in a household should be regarded as the head. It was indicated that particulars relating to the head of household should be entered on the first line of the form and therefore, the person completing the household schedule indicates in this manner who was regarded by the household as the head.

AN TRÁCHTAIREACHT

GAEILGEOIRÍ, 1926 - 1981

Léirítear an scéal ar fad maidir le heolas ar an nGaeilge i dTábla A i ndáil le gach bliain ó 1926 ar cuireadh ceist faoin ábhar sin le linn Daonáirimh.

TÁBLA A: AN LÍON AGUS AN CÉATADÁN GAEILGEOIRÍ, 3 BLIANA D'AOIS AGUS OS A CHIONN, 1926-1981.

	1926	1936	1946	1961	1971	1981
Gaeilgeoirí	540,802	666,601	588,725	716,420	789,429	1,018,413
Daoine nach Gaeilgeoirí	2,261,650	2,140,324	2,182,932	1,919,398	1,998,019	2,208,054
Daonra Iomlán 3 bliana d'aois agus os a chionn	2,802,452	2,806,925	2,771,657	2,635,818	2,787,448	3,226,467
	%	%	%	%	%	%
Gaeilgeoirí mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn	19.3	23.7	21.2	27.2	28.3	31.6

I rith na tréimhse 1926 - 1981, tá méadú tagtha ar an líon daoine a léirigh sa Daonáireamh go bhfuil labhairt na Gaeilge acu, ó 540,802 nó 19.3 faoin gcéad den daonra trí bliana d'aois agus os a chionn go 1,018,413 nó 31.6 faoin gcéad. Idir 1971 agus 1981, tháinig méadú ar an líon iarbhír Gaeilgeoirí de bheagnach 229,000 nó 29 faoin gcéad, ach ba lú ar fad an méadú a tháinig ar an gcéatadán den daonra ar Ghaeilgeoirí iad - 3.3 faoin gcéad. Tá sé tábhachtach a thuiscint go mbíonn baint mhór ag an líon daoine a léiríonn i nDaonáireamh ar bith go bhfuil labhairt na Gaeilge acu ní hamháin leis an daonra iomlán ag an am ach le struchtúr aoise an daonra (féach Tábla C, leath. xiii). Braitheann sé go háirithe ar an líon daoine atá ar scoil agus ar an líon daoine 'sna haoisghrúpaí iarscoile is óige.

NA CÚIGÍ 1961-1981

Tugtar achoimre ar an staid i ngach Cúige 'sna blianta 1961, 1971 agus 1981 i dTábla B.

TÁBLA B: AN LÍON AGUS AN CÉATADÁN GAEILGEOIRÍ, 3 BLIANA D'AOIS AGUS OS A CHIONN, I NGACH CÚIGE I 1961, 1971 AGUS 1981.

Cúige	Gaeilgeoirí			Gaeilgeoirí mar chéatadán den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn		
	1961	1971	1981	1961	1971	1981
				%	%	%
Laighin	274,644	341,702	473,225	22.2	24.5	28.2
Mumhain	228,726	252,805	323,704	28.7	30.6	34.6
Connachta	148,708	137,372	155,134	37.6	37.2	38.8
Ulaidh (cuid de)	64,342	57,550	66,350	31.4	29.5	30.8
AN tIOMLÁN	716,420	789,429	1,018,413	27.2	28.3	31.6

Tháinig méadú ar an líon Gaeilgeoirí mar dhearbhlíon agus mar chéatadán den daonra iomlán i gCúige Laighean agus i gCúige Mumhan i rith an dá thréimhse deich mbliana 1961-1971 agus 1971-1981. I gConnachta agus i gCúige Uladh (cuid de), cuireadh siar an meath a léiríodh a bheith tagtha idir 1961 agus 1971 ar an líon Gaeilgeoirí, mar dhearbhlíon agus mar chéatadán, sa tréimhse i ndiaidh na tréimhse sin. Bhí an méadú chomh mór sin gur tháinig ardú ar an dá fhigiúr do Chonnachta thar an tréimhse iomlán fiche bliain. I gcás Chúige Uladh (cuid de) tháinig méadú ar an dearbhlíon Gaeilgeoirí thar an tréimhse fiche bliain, ach mar chuid den iomlán bhí titim i gceist. Ba i gCúige Chonnacht, a raibh an Ghaeltacht ba mhó ann i 1981, a bhí an riar ba mhó Gaeilgeoirí (38.8 faoin gcéad) de na ceithre chúige ar fad. Is amhlaidh a bhí an scéal ag Daonáirimh 1961, 1971 agus 1981. Ba i gCúige Laighean, ar an taobh eile, a bhí an riar ba lú Gaeilgeoirí go leanúnach ag na trí Dhaonáireamh deiridh.

AOISAICMÍ

Déantar comparáid i dTábla C idir an líon Gaeilgeoirí i ngach aoisaicme i 1971 agus i 1981.

TÁBLA C: AN LÍON AGUS AN CÉATADÁN GAEILGEOIRÍ, 3 BLIANA D'AOIS AGUS OS A CHIONN, ARNA n-AICMIÚ DE RÉIR AOISAICME - 1971 AGUS 1981.

Aoisaicme	Gaeilgeoirí		Gaeilgeoirí mar chéatadán den líon iomlán san aoisaicme	
	1971	1981	1971	1981
			%	%
3 - 4 bliana	6,850	6,700	5.5	4.9
5 - 9 "	87,631	97,058	27.6	27.8
10 - 14 "	151,147	173,516	50.6	50.8
15 - 19 "	137,820	166,549	51.5	51.0
20 - 24 "	79,632	110,561	37.0	40.0
25 - 34 "	95,327	156,760	29.4	32.8
35 - 44 "	82,006	108,091	27.2	30.0
45 - 54 "	74,807	85,184	23.4	28.3
55 - 64 "	42,442	66,209	14.7	22.9
65 bliana agus os a chionn	31,767	47,785	9.6	13.0
AN tIOMLÁN	789,429	1,018,413	28.3	31.6

Níl aon athrú mór tagtha le deich mbliana anuas ar an riar daoine a léirigh go raibh labhairt na Gaeilge acu i ngach aoisaicme faoi bhun 20 bliain d'aois. Tharla arduithe measartha i riar na nGaeilgeoirí sna haoisaicmí 20-54 bliana. Féadfar a fheiceáil go raibh méadú ar an líon Gaeilgeoirí sna haoisaicmí 35-44 agus 45-54 i 1981 i gcomparáid leis na haoisaicmí rompusan i 1971 i.e. na haoisaicmí 25-34 agus 35-44 faoi seach. Cé nach féidir a rá go deimhin nach mbíonn tionchar ar na figiúirí ag an meastóireacht a dhéanann an duine ar an chumas féin chun Gaeilge a labhairt, is féidir gur de bharr na glanimirce inmheánaí go dtí na haoisaicmí sin le linn na tréimhse 1971-1981, chomh maith le toradh na líonta méadaithe sna haoisaicmí scoile ar thuismitheoirí a tharla na harduithe sin. Tá na harduithe móra san aoisaicme 55-64 bliana agus sna haoisaicmí 65 bliana agus os a chionn i gcomhréir leis na comhréireachtaí a breathnaíodh sna haoisaicmí rompusan i 1971.

LIMISTÉIR GHAELTACHTA

Déantar comparáid i dTábla D idir an staid sna limistéir Ghaeltachta i ngach Contae i 1971 agus i 1981.

TÁBLA D: AN LÍON AGUS AN CÉATADÁN GAEILGEOIRÍ, 3 BLIANA D'AOIS AGUS OS A CHIONN, SNA LIMISTÉIR GHAELTACHTA (MAR A MÍNÍODH AG AN AM†) - 1971 AGUS 1981.

Na Limistéir Ghaeltachta	Gaeilgeoirí		Daoine nach Gaeilgeoirí		Gaeilgeoirí mar chéatadán den iomlán		Athrú i gcéatadán 1971-1981 ar an daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn
	1971	1981	1971	1981	1971	1981	
					%	%	%
Na Limistéir Ghaeltachta ar fad	55,440	58,026	11,400	16,974	82.9	77.4	*
Corcaigh	2,703	2,681	383	560	87.6	82.7	+ 5.0
Dún na nGall	18,321	19,209	3,636	5,113	83.4	79.0	+ 10.8
Gaillimh	17,698	19,819	2,328	4,945	88.4	80.0	+ 23.7
Ciarraí†	6,214	6,264	1,174	1,584	84.1	79.8	*
Maigh Eo	9,270	8,457	3,449	4,162	72.9	67.0	- 0.8
An Mhí	500	493	358	407	58.3	54.8	+ 4.9
Port Láirge†	734	1,103	72	203	91.1	84.5	*

*Níl céatadán ar fáil

†Cuireadh le limistéir Ghaeltachta Chontae Chiarraí agus Chontae Phort Láirge faoi Ordú na Limistéir Gaeltachta, 1974 (I.R. Uimh. 192 de 1974). I dTábla D thuas, baineann figiúirí 1971 maidir le Gaeilgeoirí agus daoine nach Gaeilgeoirí sna Contaetha sin leis na limistéir réamh-1974 agus baineann figiúirí 1981 leis na limistéir (méadaithe) nua. Ba iad daonraí iomlána na limistéir a cuireadh leis an Gaeltacht, i 1971:-

Co. Chiarraí: 755; Co. Phort Láirge: 198.

Ní rabhthas in ann na figiúirí sin a scagadh de réir aoise ná cumas labhartha Gaeilge.

Tá sé soiléir ó Thábla D gur tháinig méadú ar an líon Gaeilgeoirí i nGaeltachtaí Dhún na nGall, na Gaillimhe agus Phort Láirge idir 1971 agus 1981; ba ar éigean a d'athraigh na líonta i nGaeltachtaí Chorcaí, Chiarraí agus na Mí, cé gur laghdaigh an líon Gaeilgeoirí i nGaeltacht Mhaigh Eo. Tháinig meath ar riar na nGaeilgeoirí i ngach limistéar Gaeltachta ó 1971. B'ionann an titim, geall leis, i ngach Contae Gaeltachta.

Is i nGaeltacht na Mí atá an céatadán is lú Gaeilgeoirí. Tuairiscíodh beagnach a leath den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn mar Dhaoine nach Gaeilgeoirí. Is i limistéar Gaeltachta Mhaigh Eo atá an dara céatadán is lú Gaeilgeoirí, 67 faoin gcéad. Tá na céatadáin Ghaeilgeoirí'sna Gaeltachtaí eile ar fad timpeall ar 80 faoin gcéad. Ba i nGaeltacht na Gaillimhe a cláraíodh an méadú ba mhó ar an daonra iomlán 3 bliana d'aois agus os a chionn (+ 4,738). Ní nach íonadh, ba sa limistéar Gaeltachta céanna a tuairiscíodh an méadú ba mhó ar an líon Gaeilgeoirí (+ 2,121), in ainneoin gur ansin a tháinig an meath ba mhó 'sna Gaeltachtaí ar fad ar an gcéatadán Gaeilgeoirí (8.4 faoin gcéad).

DAOINE AG A bhFUIL LÉAMH NA GAEILGE ACH NACH FÉIDIR LEO Í A LABHAIRT

Áirítear i measc “Daoine nach Gaeilgeoirí” san Imleabhar seo iadsan ag a bhfuil léamh na Gaeilge ach nach féidir leo í a labhairt. Bíonn eolas áirithe ag na daoine ar an teanga, más teoranta féin an t-eolas sin. Tugtar i dTábla E anseo thíos líon na ndaoine sin, arna n-aicmiú de réir gnéis, i 1961, 1971 agus 1981.

TÁBLA E: DAOINE, IDIR FHIREANN AGUS BHAINÉANN, AG A bhFUIL LÉAMH NA GAEILGE ACH NACH FÉIDIR LEO Í A LABHAIRT, I 1961, 1971 AGUS 1981.

	1961	1971	1981
FIREANNAIGH	65,194	68,394	133,242
BAINEANNAIGH	62,368	66,774	135,715
AN tIOMLÁN	127,562	135,168	268,957

Léirítear leis an Tábla, cé go raibh méadú beag i gcás Fireannach agus Baineannach idir 1961 agus 1971, gur tháinig dúbailt ar na figiúirí don dá dhream sa tréimhse 1971-1981. I 1981, bhí 8.3 faoin gcéad den daonra 3 bliana d'aois agus os a chionn in ann Gaeilge a léamh ach gan bheith in ann í a labhairt.

AN LEIBHÉAL IS AIRDE FORAS OIDEACHAIS AR AR FHREASTAL GAEILGEOIRÍ

Bhí 404,600 nó díreach faoi bhun 40 faoin gcéad den 1,018,400 Gaeilgeoirí fós ag freastal (nó nár fhreastal fós) ar scoil, ollscoil, 7rl., cé gur lú go mór an figiúr i gcás na Gaeltachta - díreach faoi bhun 30 faoin gcéad. Léirítear i dTábla F an líon daoine sa Stát agus 'sna limistéir Ghaeltachta a bhfuil deireadh lena gcuid oideachais, arna n-aicmiú de réir an chineáil is airde foras oideachais ar ar freastalaíodh. Léirítear, leis, dáileadh na gcéatadáin.

TÁBLA F: GAEILGEOIRÍ, 3 BLIANA D'AOIS AGUS OS A CHIONN, ARNA n-AICMIÚ DE RÉIR AN CHINEÁIL IS AIRDE FORAS OIDEACHAIS AR AR FREASTALAÍODH GO LÁNAIMSEARHTHA, Á nDEALÚSAN I gCÁS NA LIMISTÉAR GAELTACHTA*.

		Gaeilgeoirí 3 bliana d'aois agus os a chionn	An líon iomlán fós ar scoil, ollscoil, 7rl. (nó nár fhreastal fós)	An líon iomlán a bhfuil deireadh lena gcuid oideachais lánaimseartha	An cineál is airde foras oideachais ar ar freastalaíodh				
